CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 164/25
Lucsamburg, 18 Nollaig 2025

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-417/23 | Slagelse Almennyttige Boligselskab, Afdeling Schackenborgvænge

# Toirmeasc ar idirdhealú: soiléiríonn an Chúirt Bhreithiúnais, i ndáil le Dlí na Danmhairge maidir le Tithíocht Phoiblí, na cásanna a d'fhéadfadh a bheith ina n-idirdhealú bunaithe ar thionscnamh eitneach

Féachann Dlí na Danmhairge maidir le Tithíocht Phoiblí le céatadán na n-aonad tithíochta teaghlaigh poiblí i 'limistéir chlaochlaithe' a laghdú. Is saintréith de na limistéir sin, *inter alia*, gur sháraigh cion na 'n-inimirceach agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad' atá ina gcónaí sna limistéir sin 50 % le 5 bliana anuas. Faoin dlí sin, rinneadh roinnt de na léasanna ar aonaid tithíochta teaghlaigh phoiblí in dhá limistéar cónaithe i mBardais Slagelse agus Chóbanhávan a fhoirceannadh nó tá siad le foirceannadh. Fiafraíonn cúirt na Danmhairge a éisteann roinnt díospóidí maidir leis na foirceannadh sin an ionann an reachtaíocht atá i gceist agus idirdhealú díreach nó indíreach ar fhoras tionscnaimh eitnigh. Tugann an Chúirt Bhreithiúnais dá haire go bhfuil tionscnamh eitneach bunaithe ar roinnt tosca. Critéar amháin a ghlactar ina aonar, amhail náisiúntacht nó tír bhreithe, ní leor é chun a chinneadh an mbaineann duine le grúpa eitneach ar leith. Chun scrúdú a dhéanamh an bhféadfadh idirdhealú díreach a bheith ann, is faoin gcúirt náisiúnta a bheidh sé a fháil amach an bhfuil an critéar a bhaineann le cion na n-inimirceach agus a sliochtaigh bunaithe go fírinneach ar thionscnamh eitneach fhormhór na n-áitritheoirí i 'limistéir chlaochlaithe' agus, mar thoradh air sin, an bhfuil cóir is lú fabhar á cur orthu, amhail baol méadaithe go bhfoirceannfar a léasanna go luath. Má chinneann an chúirt náisiúnta go bhféadfadh idirdhealú indíreach a bheith ann, beidh uirthi scrúdú a dhéanamh an bhfuil údar leis sin mar sin féin. Is faoin gcúirt sin a bheadh sé, *inter alia*, a áirithiú, i ndáil leis sin, go saothraíonn an dlí atá i gceist cuspóir ar mhaithe le leas an phobail ar bhealach comhréireach agus go n-urramaíonn sé, go háirithe, an ceart bunúsach go n-urramófaí an áit chónaithe.

Ceanglaítear le Dlí na Danmhairge maidir le Tithíocht Phoiblí pleananna forbartha a ghlacadh atá ceaptha laghdú a dhéanamh, faoin 1 Eanáir 2030, ar chéatadán na n-aonad tithíochta teaghlaigh poiblí i 'limistéir chlaochlaithe', mar a thugtar orthu ('limistéir cruagheiteo' roimhe seo). Is comharsanachtaí iad sin arb é is príomhthréith dóibh staid faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch i dtéarmaí dífhostaíochta, coireachta, oideachais agus/nó meánioncaim, chomh maith leis an bhfíoras gur sháraigh cion na 'n-inimirceach agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad' [1] sna limistéir sin os cionn 50 % le 5 bliana anuas.

I gcomhréir le pleananna forbartha le haghaidh 'limistéir chlaochlaithe' Ringparken in Slagelse agus Mjølnerparken i gCóbanhávan, foirceannadh roinnt de na léasanna ar aonaid tithíochta teaghlaigh phoiblí sna limistéir sin nó tá siad le foirceannadh. Déanann cuid de na tionóntaí lena mbaineann agóid i gcoinne na mbeart sin os comhair na cúirte náisiúnta, ag áitiú go háirithe gurb ionann an critéar a bhaineann le cion na 'n-inimirceach agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad' agus idirdhealú díreach nó indíreach ar fhorais tionscnaimh eitnigh, a thoirmisctear le dlí an Aontais. [2]

Tharchuir cúirt na Danmhairge a éisteann leis na cásanna ceisteanna ar an ábhar chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú.

Maidir leis an gceist an dtugtar isteach **idirdhealú díreach** [3] le dlí na Danmhairge, tugann an Chúirt faoi deara gur gur cosúil go bhfuil an critéar atá i gceist cinntitheach chun 'limistéir chlaochlaithe' a shainaithint a ndéanann an laghdú ar líon na n-aonad tithíochta teaghlaigh poiblí difear dóibh. Mar sin féin, **is faoin gcúirt náisiúnta a bheidh sé scrúdú a dhéanamh an mbunaítear leis an gcritéar sin difríocht sa chóir bunaithe ar thionscnamh eitneach thromlach na n-áitritheoirí sna limistéir sin, rud a fhágann go gcaitear le háitritheoirí na limistéar sin ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le háitritheoirí limistéar inchomparáide nár sháraigh cion na n-inimirceach an tairseach 50 % iontu**.

Míníonn an Chúirt go bhfuil an coincheap 'tionscnamh eitneach' de réir bhrí dhlí an Aontais bunaithe ar roinnt tosca, amhail náisiúntacht, reiligiún, teanga, bunadh cultúrtha agus traidisiúnta, agus cúlra. Cinntear é ar bhonn roinnt tosca. **Ní leor náisiúntacht ná critéar thír bhreithe an duine lena mbaineann ná a thuismitheoirí, astu féin, chun a shuíomh go mbaineann duine le grúpa eitneach ar leith**. Os a choinne sin, ós rud é go gcumhdaítear roinnt tionscnaimh eitneacha le critéar ginearálta a leagtar síos i reachtaíocht, ní chuirtear cosc leis sin, ann féin, ar an gcritéar sin a bheith nasctha go díreach nó go doscartha le tionscnamh eitneach na ndaoine lena mbaineann. Thairis sin, d'fhéadfadh tosca comhthéacsúla amhail na doiciméid ullmhúcháin le haghaidh reachtaíocht den sórt sin rannchuidiú le cinneadh gurb ionann an critéar atá i gceist agus idirdhealú díreach bunaithe ar thionscnamh eitneach.

Maidir le cé acu atá nó nach bhfuil cóir is lú fabhar ann, measann an Chúirt go bhféadfadh an chóir sin a bheith i bhfoirm **riosca méadaithe, d'áitritheoirí 'limistéar claochlaithe', go gcuirfí deireadh lena léasanna go luath agus, dá bhrí sin, go gcaillfí a dteach.** Is cosúil go bhfuil an riosca sin níos mó ná mar atá i limistéir chónaithe eile ina bhfuil staid shocheacnamaíoch inchomparáide ach nár sháraigh cion na n-inimirceach an tairseach a leagtar síos sa dlí atá i gceist. Cuireann an Chúirt in iúl go bhféadfadh aicmithe áirithe maslach agus stiogmataithe a úsáidtear i bpíosa reachtaíochta nó sna doiciméid ullmhúcháin a bhaineann leis cóir nach bhfuil chomh fabhrach céanna a bhunú do dhaoine ar de ghrúpaí eitneacha áirithe iad.

Má chinneann an chúirt náisiúnta nach idirdhealú díreach é an dlí sin, beidh uirthi fós scrúdú a dhéanamh an eascraíonn **idirdhealú indíreach** [4] as an reachtaíocht sin. B'amhlaidh an cás dá mbeadh an dlí, cé go bhfuil sé i bhfoclaíocht nó á chur i bhfeidhm ar bhealach atá neodrach de réir dealraimh, ina chúis, sa chleachtas, le daoine a bhaineann le grúpaí eitneacha áirithe a chur faoi mhíbhuntáiste ar leith. Sa chomhthéacs sin, meabhraíonn an Chúirt **nach gá go ndéanfadh an míbhuntáiste sin difear do thionscnamh eitneach amháin**.

Má chinneann an chúirt náisiúnta go bhfuil míbhuntáiste den sórt sin mar thoradh ar an dlí atá i gceist, beidh uirthi scrúdú a dhéanamh freisin an saothraítear leis an dlí atá i gceist cuspóir leas an phobail ar a bhfuil Rialtas na Danmhairge ag brath, eadhon fadhbanna a bhaineann le comhtháthú sóisialta agus lánpháirtiú a réiteach i gcomhthéacs chóras tithíochta poiblí na Danmhairge, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta. Is éard a bheadh i gceist leis sin, go háirithe, a chinneadh an saothraítear leis an dlí sin, tríd an oibleagáid pleananna forbartha a ghlacadh a leagan síos, an cuspóir comhtháthú sóisialta a chur chun cinn ar bhealach comhsheasmhach córasach, cé nach bhfuil feidhm ag an oibleagáid sin maidir le limistéir chónaithe atá éagsúil le 'limistéir chlaochlaithe' ach amháin sa mhéid nach 'inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad' den chuid is mó iad a gcónaitheoirí. Trí scrúdú a dhéanamh ar an mbonn cirt, ba cheart an ceart bunúsach go n-urramófaí an áit chónaithe a chur san áireamh freisin.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Is ionann 'inimirceach', de réir bhrí Dhlí na Danmhairge maidir le Tithíocht Phoiblí, agus duine a rugadh thar lear agus ní raibh ceachtar dá thuismitheoirí a rugadh sa Danmhairg agus náisiúnach de chuid na Danmhairge. Sainmhínítear 'sliochtach' mar dhuine a rugadh sa Danmhairg ach nach raibh ceachtar dá thuismitheoirí a rugadh sa Danmhairg agus náisiúnach de chuid na Danmhairge, nó a bhfuil náisiúntacht eachtrach fós ag a thuismitheoirí, fiú má rugadh sa Danmhairg iad agus má fuair siad náisiúntacht de chuid na Danmhairge. Áirítear leis an gcoincheap 'tíortha an Iarthair' Ballstáit an Aontais Eorpaigh, Andóra, an Íoslainn, Lichtinstéin, Monacó, an Iorua, Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, San Mairíne, an Eilvéis, Stát Chathair na Vatacáine, Ceanada, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Astráil agus an Nua-Shéalainn. Dá bhrí sin, meastar gur 'tíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad' gach tír eile.

[2] Treoir 2000/43/CE ón gComhairle, an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme phrionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach.

[3] Tugann an Chúirt dá haire, faoi réir fíorú ó chúirt na Danmhairge, gur cheart a mheas go bhfuil feidhm ag Treoir 2000/43 maidir le córas tithíochta poiblí na Danmhairge. Baineann soláthar tithíochta ar luach saothair faoin gcóras sin le rochtain ar sheirbhísí tithíochta agus le soláthar seirbhísí tithíochta de réir bhrí Airteagal 3(1)(h) den Treoir sin.

[4] De réir Threoir 2000/43, glactar leis go dtarlaíonn idirdhealú indíreach i gcás ina gcuireann foráil, critéar nó cleachtas atá neodrach de réir dealraimh grúpa daoine faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar a dtionscnamh ciníoch nó eitneach, mura saothraíonn an fhoráil, an critéar nó an cleachtas sin aidhm dhlisteanach agus mura n-úsáideann siad modhanna iomchuí agus riachtanacha chun é a bhaint amach.